Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



# Nuacht Fhine

Eagrán Geimhridh

## Laistigh:



Socruithe na Nollag, Athchúrsáil Crann srl- ***leathanach 6-7***
Buiséad Bliantúil do Chomhairle 2024 ***- leathanach 11***
Tradfest 2024 ***- leathanach 18***

# Clár ábhair


| | |
|---|---|
| Christmas Arrangements, Tree Recycling etc. | Page 6 |
| Uaireanta oscailte na Nollag 2023 - Leabharlanna, Ionaid Athchursála srl | Page 7 |
| Fáiltítear roimh meadú ar bhuiséad Fhine Gall | Page 8 |
| Ciste Séadchomharthaí an Phobail 2024 | Page 9 |
| Maoiniú na bliana 2024 le haghaidh oibreacha caomhantais agus deisiúcháin i bhFine Gall | Page 10 |
| Baineann cur chuige múnlaithe 3T Fhine Gall an phríomhdhuais amach ag Gradaim Sármhaitheasa na Rialtas Áitiúil | Page 12 |
| Déanann Fine Gall 25 Bliain Comhaontú Aoine an Chéasta a Cheiliúradh | Page 13 |
| Seoladh Chlár Bronnadh na Leabhar de chuid Chiste Aitheantas an Phobail ó Leabharlanna Fhine Gall | Page 14 |
| Faigheann Fine Gall maoiniú chun breathnú ar thionscadal na snámha farraige sna Sceirí | Page 15 |
| Bealaí Sábháilte ar Scoil – Tuarascáil dhearfach dheireadh na bliana d'Fhine Gall! | Page 16 |
| Seoladh Deontas 'Gníomhú an Phobail ar son na hAeráide i bhFine Gall' | Page 17 |
| Fógraíonn Comhairle Contae Fhine Gall Scéim Mhaoiniú Féilte agus Imeachtaí don Bhliain 2024 | Page 18 |
| TradFest 2024 | Page 19 |
| Uimhreacha ó Fhine Gall | Page 20 |












Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council


@fingalsportsoffice






Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council


KOOKABURRA






TRAD
Fest

# Socruithe na Nollag, Athchúrsáil Crann srl

**Athchúrsáil Crann Nollag saor in aisce**
**2ú go dtí an 16ú Eanáir 2024.**

**Baile Brigín/Ros/Lusca**
Eolas – Iosta Oibríochta, rphost: Balswooparea@fingal.ie

Carrchlós Bhóthar na bhFolcadán, Baile Brigín
Carrchlós Bharr na gCaorach, Bóthar Bhaile Brigín
Spás Oscailte Bhaile Hae, An Ros
Bealach isteach Pháirc Orlynn, Rochtain ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Lusca

**Sord/Domhnach Bat/Port Reachrann**
Eolas – Iosta Oibríochta, rphost: Balswooparea@fingal.ie

Ionad Athchúrsála Bhóthar an Inbhir (gnáthuaireanta oscailte amháin)
Carrchlós páirceanna imeartha Ráth Aingil
Páirceanna Mhainéar Shoird
Carrchlós Ionad Pobail Domhnach Bat (Ní An Chearnóg i mBliana),
An Sruthán, Port Reachrann
Carrchlós Dhiméin Sheantraibh

**Mullach Íde/Port Mearnóg/Baile Dúill/Binn Éadair**
Eolas – Iosta Oibríochta, rphost: Howmaloparea@fingal.ie

Carrchlós Poiblí, Cúlbhóthar, Diméin Mhullach Íde
Carrchlós Poiblí, Bóthar na Trá, Port Mearnóg
Cúirt Chionn Sáile, Cionn Sáile
Carrchlós na mBruach, Mullach Íde
Páirc an Ráschúrsa, Baile Dúill
Páirc Chill Fhionntain, Cill Fhionntain
Carrchlós an Chuain, Binn Éadair

**Baile Bhlainséir/Caisleán Cnucha**
Eolas – Iosta Oibríochta, rphost: Casmulparea@fingal.ie

Carrchlós Pháirc na Mílaoise, Síneadh Bhóthar Snugborough, Cúil Mhín - uaireanta oscailte na páirce amháin
Carrchlós Pháirc Bhaile an Hartaigh
Carrchlós Pháirc San Caitriona
uaireanta oscailte na páirce amháin

(Fiosrúcháin - Iosta Oibríochtaí Áitiúla, teil. 01 890 5000)

Tabhair ar aird le do thoil nach nglacfar ach amháin le crainn Nollag ag na suíomhanna thuas, ní ghlacfar le dramhaíl ghlas eile, seastáin crann Nollag, srl

# Uaireanta oscailte na Nollag 2023 - Leabharlanna, Ionaid Athchursála srl

**Dúnfaidh Oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall don phobal do thréimhse na Nollag ag 4.30pm Dé hAoine an 22 Nollaig, 2023 agus athosclóidh siad ag 9am Dé Máirt an 2 Eanáir, 2023.**

**Maidir le héigeandálaí cuir glaoch ar 01 8905000 - tabhair ar aird nach ndéanfar monatóireacht ar an seoladh ríomhphoist customercareunit@fingal.ie le linn thréimhse dúnta na Nollag.**

**Leabharlanna**
Dúnfaidh Leabharlanna Fhine Gall Dé hAoine an 22 Nollaig, 2023 agus athosclóidh siad Dé Máirt an 2 Eanáir, 2024. Tá achmhannaí leabharlainne ar fáil ar Leabharlanna

**Uaireanta oscailte na Nollag don da Ionad Athchursala**
Féach thíos uaireanta oscailte na Nollag don dá Ionad Athchúrsála.

**Ionad Athchúrsála an Inbhir**
23 Nollaig: 8.00rn go 12.00in (Is é 11.30rn an iontráil deiridh feithicle)
24, 25, 26 Nollaig: Dúnta
27, 28, 29 Nollaig: Oscailte 8.00rn go 20.00in (Iontráil feithicle deiridh 7.30in)
30 Nollaig: Oscailte 8.00rn go 12.00in (Iontráil feithicle deiridh 11.30rn)
31 Nollaig 1, Eanáir: Dúnta
2 Eanáir: Atosú ar ghnáthuaireanta Luan – Aoine 8.00r.n.-20.00in (Is é 19.30pm an t-iontráil dheireanach don fheithicil) Dé Sathairn 8.00rn – 18.00in (Iontráil feithicle deiridh ag 17.30pm)

**Ionad Athchúrsála Chúil Mhín**
23 Nollaig: 8.00rn go 1.00in (Iontráil feithicle deiridh 12.30rn)
24, 25, 26, Nollaig: Dúnta
27, 28, 29 Nollaig: Oscailte 9.00rn go 16.00in (Iontráil feithicle deiridh 3.30in)
30 Nollaig Oscailte 9.00rn go 1.00in (Iontráil feithicle deiridh 12.30in)
31 Nollaig & 1 Eanáir: Dúnta
2 Eanáir: Atosú ar ghnáthuaireanta Luan - Satharn 9.00rn - 4.00in (Iontráil feithicle deiridh 3.30in



# Fáiltítear roimh meadú ar bhuiséad Fhine Gall

Ceadaíodh Buiséad Bliantúil méadaithe do Chomhairle Contae Fhine Gall, agus d'aontaigh Comhairleoirí le buiséad €361.9 milliún a infheisteofar chun breis agus 900 seirbhís éagsúil a sholáthar i gceann de na contaetha is mó fáis in Éirinn. Nuair a ghlactar le Buiséad 2024, cuirfear €28.1 milliún breise ar fáil as sin a fuarthas sa bhuiséad do 2023.

Tá an caiteachas aonair is mó fós i mbuiséad na bliana seo ar thithíocht agus ar fhoirgníocht (€117.2m), arb ionann é agus ardú 16 faoin gcéad ón méid a chonacthas i 2023. Áirítear ar réimsí feidhme eile arb ionann iad agus caiteachas suntasach ná bóithre & sábháilteacht (€43.1m), seirbhísí comhshaoil (€54.1m) agus áineasa & conláistí (€70.2m). Ar an iomlán, ciallaíonn buiséad 2024 gur ionann an caiteachas in aghaidh an duine i bhFine Gall agus €1,099.

Ag labhairt dó ar Bhuiséad 2024, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Adrian Henchy: "Is garsprioc shuntasach é seo do mhuintir Fhine Gall agus muid ag fáiltiú roimh bhuiséad nua na Comhairle do 2024. Áiríonn sé seo méadú suntasach ar mhaoiniú, rud a ligeann dúinn níos mó seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár bpobal agus cuideoidh sé le fás sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch níos fearr a chothú ar fud an réigiúin. Agus muid ag leanúint le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i raon tionscnamh agus seirbhísí, léiríonn glacadh an bhuiséid seo ár dtiomantas do cháilíocht na beatha i bhFine Gall a fheabhsú agus cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil rochtain ag ár gcónaitheoirí ar na hacmhainní agus ar an tacaíocht atá tuillte acu."

I measc cuid de bhuaicphointí Bhuiséad 2024 tá:

Méadú €16m don rannóg tithíochta chun cabhrú le soláthar tithíochta sóisialta, oibreacha cothabhála coisctheacha, seirbhísí do dhaoine gan dídean agus deontais oiriúnaithe tithíochta.
Méadú €5.5m ar chothabháil bóithre, páirceanna, faichí, spásanna oscailte agus reiligí.
Timpeall €3m chun cabhrú le leabharlanna, turasóireacht, ealaíona, imeachtaí agus lár na mbailte a fhorbairt agus a chothabháil.
Leithdháileadh €1.9m breise chun cabhrú le hinfheistiú i mbonneagar agus in áiseanna pobail nua agus reatha.
€1.7m i dtreo bonneagar pleanála agus straitéiseach, lena n-áirítear maoiniú méadaithe do thionscadail agus do thionscnaimh bhithéagsúlachta.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá lúcháir orm fáiltiú roimh an méadú seo ar mhaoiniú a mbeidh ról lárnach aige i múnlú todhchaí níos fearr d'Fhine Gall. Tá go leor oibre dícheallach déanta chun a chinntiú go bhfuil an chothromaíocht cheart ag an mbuiséad seo - ní hamháin go soláthraíonn sé na hacmhainní riachtanacha dúinn chun raon níos mó de sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár saoránaigh, ach ligeann sé dúinn coinneáil suas leis an bhfás leanúnach agus riachtanais forbartha an Chontae."

I dtéarmaí ioncam na comhairle, gintear timpeall 44 faoin gcéad ó Rátaí Tráchtála, agus is ionann Deontais agus 29 faoin gcéad. Áirítear le foinsí ioncaim eile Cíosanna Tithíochta (7%), Uisce Éireann (4%), agus Ioncam Ilghnéitheach (5%).

Chun miondealú mionsonraithe a fháil ar Bhuiséad 2024, téigh chuig: Buiséad Bliaintiúil



# Ciste Séadchomharthaí an Phobail 2024

**Tá Ciste Séadchomharthaí an Phobail don bhliain 2024 ar oscailt anois go dtí an 31 Eanáir, 2024. Arna bhunú don chéad uair sa bhliain 2020, cuireann Ciste Séadchomharthaí an Phobail infheistíocht ar fáil d'oidhreacht luachmhar na seandálaíochta againne agus cabhraíonn sé le húinéirí agus le caomhnóirí séadchomharthaí na seandálaíochta á gcosaint ar leas an phobail sna blianta amach romhainn.**

Sa bhliain 2023, leithdháileadh os cionn €450,000 trí Chomhairle Contae Fhine Gall ar chúig thionscadal lena n-áirítear dara céim na n-oibreacha comhdhlúthaithe ag Túir Cholm Cille i Sord, ag Eaglais Mhuire i gCluain Meacháin sa tSeanbhaile, ag Séipéal agus reilig Mhullach Íde agus ag Túrtheach Bhaile an Ridire. Rineadh plean bainistíocht an chaomhantais maidir le Séipéal agus reilig Mullach Eadrad chomh maith.

Deir an tOifigeach Oidhreachta, Christine Baker, 'Tugann Ciste Séadchomharthaí an Phobail deis dúinn ár gcuid shuíomhanna na seandálaíochta a chosaint agus a chomhdhlúthú ach, ionas go léireofar agus go gcuirfeari láthair i gceart iad, caithfear rochtain ar ár oidhreacht na seandálaíochta a fheabhsú do gach éinne'.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cur fáilte anois roimh iarratais faoi thrí shruth an mhaoinithe a mbeidh le tosú sa bhliain 2024: Trí Chiste Séadchomharthaí an Pobail, tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag déanamh infheistíocht riachtanach an chaipitil inár n-oidhreacht na seandálaíochta chun cabhrú le húinéirí agus le caomhnóirí séadchomharthaí na seandálaíochta á gcosaint amach anseo ar leas an phobaill. Siad príomhaidhmeanna an chiste seo ná séadchomharthaí agus ionaid seandálaíochta áitiúla a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn. Ta suim ar leith ag an Roinn sna tionscadail siúd ina bhfuil oiliúint na scileanna traidisiúnta mar chuid díobh. Is féidir le húdaráis áitiúla, le húinéirí príobháideacha, le grúpaí an phobail agus le caomhnóirí na séadchomharthaí iarratas a dhéanamh faoi na 3 shruth seo a leanas:

- Cuirfidh Sruth 1 deontais suas le €100,000 ar fáil ará dírithe ar dheisiúcháin riachtanacha agus ar oibreacha caipitil chun séadchomharthaí na seandálaíochta a chaomhnú agus a dheisiú.
- Cuirfidh Sruth 2 deontais suas le €30,000 ar fáil chun Pleananna/Tuarascálacha um Bhainistíocht an Chaomhantais a fhorbairt atá dírithe ar na bearta siúd a aithint le haghaidh séadchomharthaí na seandálaíochta a chaomhnú agus le haghaidh rochtain an phobail orthu a fheabhsú.
- Cuirfidh Sruth 3 deontais suas le €30,000 ar fáil chun bonneagar na rochtana agus an léirmhínithe a fheabhsú (lena n-áirítear bearta fíorúla/ar líne) ag séadchomharthaí na seandálaíochta.

**Ba cheart do gach iarrthóir Lámhleabhar an CMF a léamh go cúramach agus a chinntiú go gcuirtear ráitis na modhanna agus na ceadanna lena mbaineann leis an iarratas.**

- Críocnaigh Foirm CMF-A thíos (na ranna ábhartha ach amháin)
- Cuir Ráiteas Modh cuimsitheach léi
- Seol chuig Oifigigh na hOidhreachta, Comhairle Contae Fhine Gall, lená fháil roimhe seo

**5in Dé Céadaoin an 31 Eanáir 2023**

Cuir aon cheist agat trí rPhost chuig Christine.Baker@fingal.ie



# Maoiniú na bliana 2024 le haghaidh oibreacha caomhantais agus deisiúcháin i bhFine Gall


**Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag tabhairt cuireadh anois d'iarratais faoi roinnt scéimeanna le haghaidh oibreacha atá le déanamh sa bhliain 2024 ar thionscadail deisiúcháin nó chaomhnaithe ar scála beag, meánach nó mór ar Struchtúir Chosanta agus, i gcásanna áirithe, ar fhoirgnimh a fheabhsaíonn Limistéir Chaomhantas na hAiltireachta laistigh de cheantar Fhine Gall. Sé DÉ hAOINE an 19 EANÁIT 2024 an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil.**



Dáileadh os cionn €345,500 trí Chomhairle Contae Fhine Gall sa bhliain 2023 ar dheontais Oibre Tráthúla, ar struchtúir faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus tionscadail faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla chun cuidiú le deisiú agus le cosaint oidhreacht ailtireachta Fhine Gall. Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall féin deontais idir €100 agus €2,500 ar fáil teí scéim na hOibre Tráthúla d'úinéirí a dhéanann gnáthchothabháil nó deisiúcháin bheaga ar chreatlach stairiúil a gcuid tithe . Tá an Deontas Oibre Tráthúla seo ar fáil freisin le haghaidh iarratais mhaoinithe ar thuarascálacha caomhantais nó ar shuirbhéanna ó ghairmithe an chaomhantais. Tá maoiniú ar fáil trí Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha nó Ciste na Struchtúr Stairiúil le haghaidh oibreacha níos suntasaí. Tá an Maoiniú Imfhálaithe le haghaidh Struchtúir Ceann Tuí mar chuid den Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha. Ní bhaineann na hoibreacha incháilithe amháin le deisiúcháin ar an tuí féin agus d'fhéadfadh deisiú balla láibe, rindreáil an aoil nó deisiúcháin fuinneoga stairiúla a bheith mar chuid dá leithéid. Ligeann Ciste na Struchtúr Stairiúil iarratais ar leith a dhéanamh chomh maith le haghaidh struchtúr dúchasach nach Struchtúr Cosanta é a chaomhnú agus chun éadain na siopaí stairiúla nó chun éadain siopaí traidisiúnta na Gaeilge a athchóiriú.

Tá maoiniú ar fáil do thionscadail a mbeidh ar siúl sa bhliain 2023 faoi na scéimeanna seo a leanas:

"Deontas na hOibre Tráthúla" ó Chiste Oidhreacht Ailtireachta na bliana 2024
Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha na bliana 2024
Ciste Struchtúr Stairiúil na bliana 2024 (lena n-áirítear fo-shruthanna le haghaidh Éadain na Siopaí Stairiúla/Éadain Siopaí Traidisiúnta na Gaeilge agus le haghaidh Structúir Dúchasacha)
Cuireann Oifigigh Chaomhnú na hAiltireachta Fhine Gall, Helena Bergin agus Laura Johnstone, fáilte roimh tacaíocht leanúnach an airgeadais a chuireann na scéimeanna seo ar fáil d'úinéirí na réadmhaoine stairiúla chun a gcuid fhoirgneamh a chosaint agus a chothabháil ón mhaoiniú atá ar fáil as acmhainní Chomhairle Contae Fhine Gall féin agus ón rialtas náisiúnta. "Is mór an sásamh a bhaineann le scéimeanna deontas seo an chaomhantais a fheiceáil agus iad ag tabhairt tacaíochta d'úinéirí chun dea-chleachtais na cothabhála rialta a chur i bhfeidhm ni hamháin le deisiúcháin bheaga a dhéanamh ar shean-fhoirgnimh stairiúla nó ar struchtúir neamhchoitianta agus neamhghnáthacha ach a bheith in ann cabhrú leo chomh maith le caitheachas níos suntasaí an airgid nuair a bhíonn gá le hobair caomhnaithe nios doimhne a dhéanamh. I mbliana, tá Deontas na hOibre Tráthúla Fhine Gall leathnaithe againn chun cur ar chumas úinéirí agus chaomhnóirí na



hoidhreacht thógtha an chontae iarratas a dhéanamh freisin ar mhaoiniú chun gairmithe caomhnaithe leis an taithí acu a fhostú chun tuarascálacha caomhantais a tháirgeadh a n-aithníonn oibreacha riachtanacha agus an mhodheolaíocht chuí a mholadh le haghaidh deisiúcháin, agus go mór mór, cur síós beacht a dhéanamh ar an obair. Tá dea-chomhairle chaomhnaithe riachtanach lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha a dhéantar báúil agus oiriúnach don chreatlach thógtha agus go dtugann siad aghaidh ar an gceist atá tar éis teacht chun cinn agus go réitítear í i gceart."

Tá na scéimeanna um mhaoiniú an chaomhnaithe i bhfeidhm chun cabhrú leis an úinéirí úsáid a bhaint as an obair cuí agus as na modhanna cearta chun na hábhair stairiúla a úsáideadh sna sean-fhoirgnimh cosúil le aol, cloch, bríce lámhdhéanta, ceann tuí, slinne nádúrtha, agus siúinéireacht stairiúil a dheisiú os rud é go ndéanann úsáid na n-ábhar docht neamh-inálaithe nua-aimseartha cosúil le coincréit agus plaistigh níos mó dochar ná sochar d'fhoirgnimh a tógadh go traidisiúnta.

DÁTA DEIRIDH: Ba chóir gach iarratas a chur isteach chuig Comhairle Contae Fhine Gall faoi 5in DÉ hAOINE an 19 EANÁIR 2024. Tá na foirmeacha iarratais don trí scéim ar fáil ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall agus ba chóir iarratais chríochnaithe a sheoladh chuig Oifigeach Caomhnú na hAiltireachta Chomhairle Contae Fhine Gall ag conservation@fingal.ie Eiseofar cinneadh ar gach iarratas i ndiaidh an Roinn cead sealadachh a thabhairt do na hiarratais rathúla. De ghnáth, déantar an cinneadh seo i leath thosaigh Mí Márta.

Tabhair faoi deara nach féidir leis an iarrthóir leas a bhaint as maoiniú faoin gCiste um Struchtúr Stairiúil agus faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha sa bhliain chéanna agus, dá bhrí sin, má éiríonn le hiarratas ar an dá cheann, ní féidir glacadh ach le ceann amháin acu.

# Baineann cur chuige múnlaithe 3T Fhine Gall an phríomhdhuais amach ag Gradaim Sármhaitheasa na Rialtas Áitiúil



**Ghnóthaigh Comhairle Contae Fhine Gall an gradam i gcatagóir na Cumarsáide ag Gradaim Sármhaitheasa na Rialtas Áitiúil don bhliain seo. Moladh Roinn Seirbhísí Digiteacha na Comhairle as an úsáid cheannródaíoch a bhain sí as Múnlaí 3T agus as taithí na Réaltachta Fíorúla (VR) maidir le Comhairliúcháin Pleanála a fheabhsú.**

Séard atá i gceist leis an tionscnamh ná léirithe 3T de Shord agus de Bhaile Brigín a chruthú, rud a chuireann uirlis iontach ar fáil maidir le cumarsáid éifeachtach ar thionscadail tógála agus ar an bhfearann poiblí. Chruthaigh an chuideachta samhaltaithe 3T, Realsim, an múnla agus an taithí fhíorúil. Trí úsáid a bhaint as an taithí VR agus as bailte cúpla digiteacha, cuireann an Chomhairle ar chumas an phobail forbairtí beartaithe a fheiceáil agus a iniúchadh, ag líonadh na bearna idir pleananna na hailtireachta agus tuiscint an phobail.
Is céim cheannródaíoch í an t-iarracht seo de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall le cúpla digiteacha a phíolótú le haghaidh comhairliúcháin phoiblí chun tionscadail a mbaineann leis an bhfearann poiblí a chur ar taispeáint ar nós ‘Ceathrú Cultúrtha Sord’ agus ‘Athnuachan Ché Shráid Cuan Bhaile Brigín’. Leagann amharcóir an ghréasáin idirghníomhach digiteach cúpla/3T ar líne réamhradharc amach, a thugann léargas tumtha ar thodhchaí na mbailte seo faoi shamhlú.
Dar le Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Adrian Henchy, “Teist atá sa ghradam seo ar dhíogras agus ar nuálaíocht ár bhfoireann Seirbhísí Digiteacha. Ismór an onóir é dúinn an gradam seo a fháil agus a bheith in ann seasamh taobh le taobh leis na tionscnaimh inmholta eile a aithníodh ag an searmanas. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le gach rannpháirtí agus le gach buaiteoir. Léiríonn bhur gcuid oibre an chomhghealltanas agaibhse don shármhaitheas sa rialachas áitiúil.”

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, “Aithníonn an gradam seo an gealltanas againne do rannpháirtíocht thrédhearcach agus chuimsitheach a chothú lenár gcuid phobal. Déanann an úsáid a bhainimis as múnlaithe 3T agus as an taithí VR bunathrú ar an gcaoi a gcuirimid pleananna casta na forbartha in iúl, rud a chuireann ar chumas na gcónaitheoir fíorpháirt a ghlacadh ín éabhlóid a gcuid bhailte.”

Ina theannta sin, spreagann Comhairle Contae Fhine Gall an pobail páirt a ghlacadh sna tionscnaimh cheannródaíocha seo. Tá cluasáin VR ar fáil ag na Leabharlanna i Sord, i Mullach Íde, i nDomhnach Bat, i mBaile Bhlainséir agus i mBaile Brigín. Iarrtar ar éinne ar spéis leis turas 3T ar na forbairtí i Sord agus i mBaile Brigín labhairt le duine dár Seaimpíní VR ar an suíomh. Treoróidh siad tú trí thumoideachas na réaltachta fíorúla, ag tabhairt léargais ar na tionscadail nua spreagúla atá todhchaí an phobail á múnlú acu.

Déanann Gradaim Sármhaitheasa na Rialtas Áitiúil, arna n-urrú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceiliúradh ar an méid iontach atá déanta ag na hÚdaráis Áitiúla ar fud na hÉireann. Chuir Comhairle Contae Fhine Gall ceithre thionscnamh ar thaispeáint, ag léiriú an geallanas aici don tsármhaitheas i réimsí éagsúla, ó athchóiriú na hoidhreachta go dtí tacaíocht an phobail.

# Déanann Fine Gall 25 Bliain Comhaontú Aoine an Chéasta a Cheiliúradh

**Rinneadh garsprioc ríthábhachtach i stair na hÉireann a chomóradh ag tráthnóna léargasach i nDomhnach Bat an tseachtain seo le plé painéil ar leith ar 25 bhliain Comhaontú Aoine an Chéasta (GFA) agus ar Dhearbhú Shráid Downing.**



Bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Adrian Henchy ina óstach ar an imeacht, agus fuair an lucht freastail tuiscint níos fearr ar an gComhaontú ó roinnt príomh-ailtirí a bhí i gcroílár na caibidlíochta maidir le seachadadh na síochána. Ar an bpainéal bhí an t-Iar-Thaoiseach, Bertie Ahern, gníomhaí na síochána agus bunaitheoir Chomhghuaillíocht na mBan i dTuaisceart Éireann, Monica McWilliams, in éineacht le hAmbasadóir SAM in Éirinn, Claire D. Cronin. Rinne Gary Murphy, ó Scoil an Dlí agus an Rialtais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an plé a shainmhaoirsiú, ag spreagadh an lucht freastail le dearcthaí agus le machnaimh léargasacha.

Seasann Comhaontú Aoine an Chéasta, a síníodh ar 10 Aibreán 1998, mar éacht suntasach a d'fhógair go raibh deireadh tar éis teacht le 30 bliain na choimhlinte i dTuaisceart Éireann. D'athraigh an chomhaontú stairiúil seo bun-chaidrimh na bpobal ar fud na n-oileán, agus bealaí nua an chomhoibrithe agus na comhthuisceana á gcothú aige. Ina theannta sin, bhí ról suntasach ag Dearbhú Shráid Downing, a eisíodh ar an 15 Nollaig 1993, i bpróiseas na síochána, ag leagan síos an bhunchloch do Chomhaontú Aoine an Chéasta a tháinig ina dhiaidh.
Leagadh amach sa dearbhú stairiúil seo na prionsabail le haghaidh caibidlíochtaí na síochána, ag moladh an idirphlé agus na rún a bhí bunaithe ar an gcead. Leag sé síos an chéim le haghaidh an tsosa cogaidh a d'fhógair Arm Sealadach Poblachtach na hÉireann (IRA) sa bhliain 1994 agus chuir sé le cainteanna na síochána as a tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta atá i bhfhfeidhm inniu.

Agus 25 bhliain ar an bhfód á gceiliúradh againn, tugaimid ómós dá oidhreacht bhuan agus athdhearbhaímid ár ngealltanas chun seasamh lena phrionsabail na síochána, na haontachta agus an athmhuintearais, ag cinntiú go leanann an fhís agus na bhfiuntas atá neadaithe sa chomhaontú agus ag treoir an chomhthurais againne i dtreo na todhchaí chairdiúil do gach éinne.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Adrian Henchy: "Is mór é an t-áthas dom fáilte a chur roimh a leithéid aoichainteoirí oirirce go Domhnach Bat agus go Fine Gall chun a gcuid léargas fíorthuisceannach a roinnt maidir leis an ócáid shuaithinseach seo a bhí ann do na milliúin daoine ar fud an domhain agus a chabhraigh leis an tsíocháin bhuan a chinntiú. Cuireann comóradh 25 bliain Chomhaontú Aoine an Chéasta i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhaineann leis an aontacht, leis an idirphlé, agus leis an gcomhiarracht chun an athmhuintearas agus an tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar fud gach pobal againne."
Rinne an plé painéil léargas ar an bhfíorshaol i dTuaisceart Éireann agus an comhaontú stairiúil á ullmhú, ar na dúshláin a bhain le tuairimí agus le daoine éagsúla a thabhairt le chéile agus le scéal inmheánach na caibidlíochta ríthábhachtach agus iad ar siúl. Labhair siad ar thábhacht an Chomhaontaithe chomh maith leis na dúshláin leanúnacha a mbaaineann leis agus roinn siad a gcuid taithí ar an obair acu i dtreo réiteach na gcoinbhleachta i dtíortha eile.

# Seoladh Chlár Bronnadh na Leabhar de chuid Chiste Aitheantas an Phobail ó Leabharlanna Fhine Gall



**Tá clár bronnadh na leabhar fógartha ag Leabharlanna Fhine Gall do scoileanna na háite mar chuid den Chiste Aitheantas an Phobail. Is mórthionscnamh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é an Ciste Aitheantais an Phobail, atá deartha chun tacaíocht ar leith a thabhairt do phobail ar fud na tíre a bhfuil daoine ón Úcráin agus ó thíortha eile á n-óstáil acu.**

Bhain Leabharlann Bhaile Bhlainséir úsáid as an maoiniú seo chun tacair ar leith na leabhar a cheannach do gach scoil i gceantar Bhaile Átha Cliath 15. Mar thoradh air seo, beidh rochtain ag gach leanbh ar leabhair ina leabharlann scoile féin. Tá cláir bhronnadh na leabhar ar siúl freisin i Sord agus i mBaile Uí Choileáin.

Sheol Méara Fhine Gall, an Clr. Adrian Henchy clár bronnadh na leabhar i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar maidin. I dteannta an Mhéara, bhí Leabharlannaí an Chontae Betty Boardman agus an t-údar leanaí Alan Nolan chomh maith le leanaí agus le múinteoirí ó Scoil Naomh Proinsias Xavier, Plásóg na Rós.




Dúirt Méara Fhine Gall, An Clr. Adrian Henchy: "Is cúis áthais dom go mbeidh Leabharlanna Fhine Gall ag tabhairt leabhair do scoileanna i mBaile Átha Cliath 15, i Sord agus i mBaile Seiscin mar chuid de Chiste Aitheantas an Phobail. Is bealach iontach é seo le haghaidh aitheantas a thabhairt don pháirt ollmhór atá á ghlacadh ag pobail i bhFine Gall chun fáilte a chur roimh dhaoine ón Úcráin agus ó thíortha eile ag lorg cosanta agus sábháilteachta atá á n-óstáil acu".

Dúirt Leabharlannaí an Chontae Betty Boardman: "Is aitheantas iontach é bronnadh seo na leabhar do scoileanna i mBaile Átha Cliath 15 ar iarracht an phobail fáilte a chur roimh dhaoine ón Úcráin agus ó thíortha eile a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. Cuireann sé áthas orm go bhfuil Ciste Aitheantas an Phobail á úsáid ag Leabharlanna Fhine Gall chun scileanna na litearthachta agus an grá don léitheoireacht a chothú i measc páistí scoile na háite."

# Faigheann Fine Gall maoiniú chun breathnú ar thionscadal na snámha farraige sna Sceirí

**Leithdháileadh os cionn €40,000 i leith tionscadal staidéir scóipe i bhFine Gall tríd an maoiniú a fógraíodh mar chuid den Scéim um Bonneagar an Chaitheamh Aimsire Faoin Aer (BCAFA) an tseachtain seo.**

D'éirigh le Comhairle Contae Fhine Gall lena hiarratas ar mhaoiniú chun cabhrú léi staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir le forbairt an bhonneagair ar nós cithfholcadáin, áiseanna gléasta agus rochtain rampaí ar shnámh farraige thart ar Limistéar Snámha The Springers sna Sceirí.

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys maoiniú beagnach ar €2.3 milliún chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt 50 tionscadal eachtraíochta faoin aer ar fud na tíre, agus €40,500 dá chuid ag teacht go dtí Fine Gall.

Agus fáilte á chur aige roimh fhógra an mhaoinithe, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Adrian Henchy: "Ní hamháin gur caitheamh aimsire áitiúil air a bhfuil meas é an snámh farraige sna Sceirí; ach cuidíonn se go mór le athnuachan an choirp agus na hintinn araon chomh maith. Cabhróidh an maoiniú seo le haghaidh staidéar féidearthachta a dhéanamh ar phríomhbhonneagar na Sceirí maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíocht bhríomhar shásúil faoin aer atá ag dul i méid ar féidir le gach éinne taitneamh a bhaint as."

Dar le John Quinlivan, Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta agus Cultúir ag Comhairle Contae Fhine Gall: "Cabhróidh an maoiniú seo linn féachaint cad is féidir a dhéanamh le haghaidh timpeallacht níos sábháilte agus níos taitneamhaí a chruthú do ghrúpaí beoga na snámha farraige sna Sceirí. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le pobal na háite chun a chinntiú go mbeidh na Sceirí ina gceann scríbe níos fáiltiúla agus níos oiriúnaí do shnámhóirí farraige agus do gach éinne a bhfuil meas acu ar áilleacht na farraigeí cósta againne."

Tagann ainm an tsuímh ón bpreabchlár a bhí á úsáid ag muintir na háite scór bliain ó shin. Sa lá atá inniu ann, tagann grúpa de shnámhóirí feadh bliana, ar a dtugtar na Frosties, le chéile go rialta chun snámh a dhéanamh san uisce, atá fuar go hiondúil, amach ó cheann tíre an Oileáin Rua de chuid an bhaile álainn cois cósta seo.



# Bealaí Sábháilte ar Scoil – Tuarascáil dhearfach dheireadh na bliana d'Fhine Gall!

**Clár arna mhaoiniú ag An Taisce atá i mBealaí Sábháilte ar Scoil, atá faoi riar ag údaráis áitiúla ar fud na hÉireann. Déanann bunscoileanna iarratas ar mhaoiniú agus ar chúnamh chun an tsábháilteacht bóithre a fheabhsú ag geata na scoile agus déanann An Taisce á meas. Cuirtear na iarrthóirí rathúla ar aghaidh ansin faoi chúram a gcuid údarás áitiúil a oibríonn leo chun feabhsuithe oiriúnaithe ar shábháilteacht ar bhóithre a dhearadh ag an mbealach isteach ar an scoil. D'fhéadfadh bearta mar rampaí, cosáin leathnaithe, comharthaíocht, mullaird, bealaí isteach agus trasrianta do choisithe agus do rothair a bheith i gceist leis na hoibreacha seo. Tógann na hoibreacha an ceantar mórthimpeall na scoile san áireamh agus breathnaíonn siad ar thuras na ndaltaí chun feabhas a chur ar na sráideanna ag teacht isteach ionas go mbeidh sé níos éasca agus níos sábháilte dul ar chos, ar scútar nó ar rothar ar scoil.**

Le linn na bliana 2023, bhí aonad an Taistil Gníomhaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall ag obair le scoileanna a raibh Tráinse 1 de Bhabhta 1 bronnta orthu chun athchóirithe na mBealaí Sábháilte ar Scoil a chur ar fáil. Go dtí seo, tá a leithéid curtha i gcrích ag na scoileanna seo a leanas:

- Bunscoil Cois Bá
- Bunscoil Sóisear agus Bunscoil Sinsear Aspal Pilib i gCúil Mhín
- Bunscoil Le Chéile an Rois agus Lusca
- Bunscoil Sóisear agus Bunscoil Sinsear Chrónáin, Sord
- Bunscoil Le Chéile Teach Chainnigh agus Bunscoil Bhenedict Naofa
- Bunscoil Le Chéile Bhaile an Phaoraigh

Tá pleananna don bhliain 2024 ar siúl anois agus tá athchóirithe Tráinse 2 de Bhabhta 1 réidh le tosú go han-luath ag:

- Bunscoil Phobail Choilm
- Bunscoil Ghrainne, Mullach Eadraid
- Bunscoil Thobar Mhuire
- Bunscoil an Phápa Eoin Pól II, Mullach Íde

Trí bhonneagar níos sábháilte a chur ar fáil chun dul ar scoil ar chos, ar scútar nó rothar agus chun rochtain níos fearr a chur ar fáil ó cheantair chónaithe, tá Aonad an Taistil Ghníomhaí ag tnúth lená dhéanamh níos éasca, níos sábháilte agus níos taitneamhaí do leanaí agus dá gcuid teaghlaigh dul ar chos ar scoil. Dar leis an aiseolas ó na scoileanna a bhfuil páirt á nglacadh acu ann ná go dtagann na leanaí siúd a roghnaíonn an Taisteal Gníomhach ar scoil ar bhreis airdill agus níos réidh le foghlaim. Deir siad freisin gur níos eagraithe don lá go hiondúil iad na daltaí siúd ag siúl nó ag rothaíocht agus go mbaineann siad taitneamh as an neamhspleáchas agus as an taithí shóisialta a bhaineann le siúl ar scoil lena gcuid chairde. Tacaíonn Clár na mBealaí Sábháilte ar Scoil le sprioc na bpáistí a chur amach faoin aer gan imní.

Tá tuilleadh eolais faoina leithéid thuas agus faoi thionscnaimh eile An Taistil Ghníomhaí le feiceáil ag www.fingal.ie/activetravel

# Seoladh Deontas 'Gníomhú an Phobail ar son na hAeráide i bhFine Gall'




**Chuir Comhairle Contae Fhine Gall tús leis an Clár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide Dé Céadaoin ar an 6 Nollaig 2023. As ciste iomlán náisiúnta €24 milliún, tá €1.1m ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall lena bhronnadh do ghrúpaí an phobail/ neamhbhrabúsach laistigh den chontae, ar spéis leo tionscadail agus tionscnaimh a fhorbairt a mbaineann le dul i ngleic leis an aeráid. athrú.**

Sí ollchuspóir 'Gníomhaíocht an Phobail ar son na hAeráide Fhine Gall' ná pobail mhóra agus bheaga, tuaithe agus uirbeacha, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, a chumhachtú i dtreo pobail áitiúla inbhuanaithe ar ísealcharbóin a fhorbairt, ar bhealach praiticiúil agus struchtúrtha, a chuideoidh leis an iarracht náisiúnta ar aghaidh a thabhairt ar astuithe an charbóin.

Chuir Méara Fhine Gall, An Comh. D'fháiltigh Adrian Henchy, fáilte roimh an gclár: "Tá gníomhaíocht an phobail mar phríomhchuid den chaoi a fhásaimid Fine Gall ina chontae níos inbhuanaithe agus níos inmhaire trí dhíriú ghníomhaíocht an phobail ar son na haeráide a chumasú chun na hastuithe a ísliú. Mholfainn gach éinine tuilleadh eolais a fháil agus aon tionscadail is féidir a phlé go háitiúil".

Dúirt David Storey, Stiúrthóir Seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall, "Cuirimid fáilte roimh gach grúpa tuilleadh eolais a fháil faoi 'Gníomhaíocht Pobail ar son na hAeráide i bhFine Gall' agus geallaimid tacaíocht a thabhairt daoibh ar gach bealach is féidir chun tionscadail ar ardchaighdeáin um ghníomhaíocht ar son na haeráide a sheachadadh."

I measc na ngrúpaí incháilithe, tá coistí Bailte Slachtmhara, grúpaí na gcónaitheoirí, eagraíochtaí deonacha neamhbhrabúsacha, clubanna spóirt (gach spórt) agus ionaid an phobail. Ní cháilíonn scoileanna nó áiseanna eile an oideachais don mhaoiniú áirithe seo, áfach.

Caithfidh 5 théama a bheith mar chuid de gach iarratas: Fuinneamh an Phobail; Taisteal; Bia agus Dramhaíl; Siopadóireacht agus Athchúrsáil; agus Gníomhaíocht Áitiúil ar son na hAeráide agus na Timpeallachta. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag gach tionscadal ná na hastuithe a ísliú.
Tá trí leibhéal na ndeontas ar fáil,

- deontais beaga suas go €20k,
- meándeontais suas go 50k
- deontais móra suas go €100k.

Níl ach tréimhse 12 sheachtain ann chun iarratais a fhorbairt agus sé an spriocdáta le haghaidh iarrais críochnaithe ná Dé Céadaoin an 28 Feabhra 2024. Moltar go dtosóidh gach grúpa a iarratais chomh luath agus is féidir.

Rachaidh mórán grúpaí i gcomhar le grúpaí eile d'fhonn téarmái éagsúla an iarratais a chlúdach. Déanfar gach iarratas a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall. Mar sin, moltar do gach grúpa a bhfuil suim aige an t-eolas faoin deontas a fháil agus is féidir a leithéid a dhéanamh trí fhreastal ar cheann de na himeachtaí for-rochtana thíos.

Tá faisnéis agus treoir faoin thionscadal a chur le chéile le feiceáil ar an leathanach gréasáin https://www.fingal.ie/community-climate-action-fingal agus, má tá suim ag an ngrúpa iarratas a fhorbairt, is féidir rPhost a sheoladh chuig CommClimateActionOfficer@fingal.ie.

# Fógraíonn Comhairle Contae Fhine Gall Scéim Mhaoiniú Féilte agus Imeachtaí don Bhliain 2024

**Cuireann sé áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall tús lena Scéim Mhaoinithe um Fhéilte agus Imeachtaí do 2024 a fhógairt. Sí aidhm an tionscnaimh seo ná grúpaí agus eagraíochtaí a spreagadh chun a gcuid imeachtaí atá le teacht a óstáil i bhFine Gall, ag tógáil ar rath na mblianta go dtí seo agus ag cothú rannpháirtíocht an phobail agus na turasóireacht laistigh den réigiún.**

Tá ardchlú bainte amach ag Fine Gall maidir le imeachtaí ilghnéitheacha agus bríomhara a óstáil, ó shraith cháiliúil an cheoil samhraidh ag Caisleán Mhullach Íde go dtí Flavors of Fingal (Blasanna Fine Gall), an seó Contae is mó in Éirinn nó go dtí an Fhéile Unison nua. Gach bliain, cuireann breis is 100 imeacht spéis i lucht féachana ar fud an Chontae, ó mhórfhéilte an cheoil agus na hamharclainne agus ceiliúrthaí an bhia mara go dtí féilte áitiúla an tsamhraidh, imeachtaí pobalbhunaithe agus paráidí.

Chuir John Quinlivan, Stiúrthóir Fiontraíochta Eacnamaíochta, Turasóireachta agus Forbartha Cultúir ag Comhairle Contae Fhine Gall in iúl go raibh an chomhairle dírithe ar thacaíocht a thabhairt do raon leathan na n-imeachtaí agus na bhféilte sa cheantar. Dúirt sé: "Tá Fine Gall geallta cheana féin do thacaíocht a thabhairt do raon fairsing na n-imeachtaí agus na bhféilte atá ar siúl ar fud an Chontae, agus ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil eagraíochtaí eile ag féachaint ar Fhine Gall mar a rogha ceann scríbe le haghaidh gigeanna, féilte agus imeachtaí eile. Ní hamháin go gcabhróidh sé seo le turasóireacht a spreagadh agus taithí an chuairteora a fhorbairt sa cheantar, ach tá súil againn freisin go gcabhróidh sé seo le cónaitheoirí ceangal a dhéanamh lena gcuid phobal agus áthas agus spleodar a thabhairt isteach ina gcuid shaol."

Tá trí shnáithe ar leith na tacaíochta mar chuid de Scéim Mhaoiniú na bhFéilte agus na nImeachtaí na bliana 2024, gach ceann ag freastal ar scálaí agus cuspóirí éagsúla na n-imeachtaí:




Snáithe 1: Dírithe ar 'imeachtaí ar mhionscála ag súil le lucht féachana faoi bhun 1,000 duine. Beidh maoiniú suas le €6,000 ar fáil d'iarrthóirí incháilithe.
Snáithe 2: Dírithe ar 'imeachtaí ar mhórscála ag súil le lucht féachana os cionn 1,000 duine agus ar siúl dhá lá lánchláraithe ar a laghad. Beidh maoiniú suas le €25,000 ar fáil d'eagraithe incháilithe.
Snáithe 3: Dírithe ar tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar spéis leo féidearthacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na féile nó na himeacht a fhiosrú. Beidh maoiniú suas le €10,000 ar fáil don chatagóir seo.

Glacfar le hiarratais ar Scéim Mhaoiniú na bhFéilte agus na n-Imeachtaí na bliana2024 ón 28 Meán Fómhair 2023. Sé an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ná an 31 Eanáir 2024, rud a thugan an dóthain ama d'eagraithe a gcuid moltaí a ullmhú agus a chur isteach.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le lucht eagraithe na n-imeachtaí chun taithí shuntasach agus éifeachtúil a chur le chéile do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon sa bhliain 2024. Léiríonn an tionscnamh seo gealltantas na comhairle do chothú an chultúir, na turasóireachta agus na bpobal sa réigiún.

# TradFest 2024



# Uimhreacha ó Fhine Gall

**100%**

de na feistis Maisiúla LED nua curtha isteach i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae.

**30,000**

turas na Rothar Roinnte trasna Fhine Gall idir TIER agus Rothar Bleeper.

**21.51**

tonna Teicstílí bailithe i Mí Meán Fómhair na bliana 2023

**286**

aonad na Tithíochta inacmhainne ag teacht go luath i mBaile Mastún, Domhnach Bat

**714**

grúpa cláraithe faoi láthair le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall (PPN)

**1500**

vóta ar líne chun na Fir Bréige is fearr a roghnú do chomórtas Fear Bréige níos Sábháilte Oíche Shamhna

**361.9m**

ceadaithe don bhliain 2024

**274%**

iar líon na gcuairteoirí ar leathanach na bpost ar shuíomh idirlín fingal.ie

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council